# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE UIMH. 158/2019

## an 14 Meitheamh 2019

## lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2150]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/320 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas fíor-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 3(3)(g) den Treoir sin chun suíomh an ghlaoiteora le linn cumarsáid éigeandála ó ghairis mhóibíleacha a áirithiú ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 4zzs (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1354 ón gCoimisiún) de Chaibidil XVIII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'4zzt. **32019 R 0320**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/320 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas fíor-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 3(3)(g) den Treoir sin chun suíomh an ghlaoiteora le linn cumarsáid éigeandála ó ghairis mhóibíleacha a áirithiú (IO L 55, 25.2.2019, lch. 1).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/320 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Claude MAERTEN

---

([1]) IO L 55, 25.2.2019, lch. 1.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.